AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.10.2024
COM(2024) 474 final

ANNEX 3

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta

Iarscríbhinn III: Incháilitheacht beart faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Caiteachas buiséadach náisiúnta athfhillteach a ionadú.

Cuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit d'fhonn clocha míle agus spriocanna na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a bhaint amach mar a leagtar amach iad ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. Agus an tacaíocht airgeadais sin á soláthar, ní mór roinnt forálacha incháilitheachta a chomhlíonadh.

Is éard is caiteachas buiséadach náisiúnta athfhillteach ann caiteachas de chuid Ballstáit óna bhuiséad náisiúnta a tharlaíonn arís agus arís eile. Sampla tipiciúil de chaiteachas den sórt sin is ea costais foirne, a mbíonn caiteachas ar bhonn míosúil mar thoradh orthu.

Mar riail ghinearálta, tá breisluach Eorpach amhrasach ag baint le caiteachas buiséadach náisiúnta athfhillteach a ionadú le tacaíocht STA agus is cúis imní é maidir le hinbhuanaitheacht an chaiteachais sin tar éis shaolré STA. Mar sin féin, meabhraítear gur cruthaíodh STA i gcomhthéacs sonrach – go háirithe i gcomhthéacs phaindéim COVID 19 – inar sainaithníodh go bhféadfadh cúiseanna a bheith ann le caiteachas den sórt sin a ionadú, mar shampla, chun tacú le méadú ar an soláthar foirne in ospidéil.

Sa chomhthéacs sin, ceanglaítear le hAirteagal 5(1) de Rialachán STA '*nach gcuirfear tacaíocht ón tSaoráid, ach amháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, in ionad an chaiteachais bhuiséadaigh náisiúnta athfhilltigh*'. Leis an bhforáil sin, mar sin, cuirtear toirmeasc ginearálta ar thacaíocht STA a chur in ionad an chaiteachais bhuiséadaigh náisiúnta athfhilltigh ach ceadaítear í i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

Agus an fhoráil sin ó Rialachán STA á cur i bhfeidhm, is féidir ceithre thástáil charnacha a shainaithint:

1. An bhfuil caiteachas buiséadach atá ceangailte go díreach leis an mbeart atá beartaithe i gceist leis an mbeart?
2. Más amhlaidh an cás, an de chineál athfhillteach é an caiteachas sin?
3. Más amhlaidh an cás, an gcuirtear tacaíocht airgeadais ó STA in ionad an chaiteachais athfhilltigh sin?
4. Más amhlaidh atá, nach bhfuil údar cuí leis dá bhrí sin?

Má chomhlíontar gach ceann de na ceithre thástáil sin, ní bheadh an beart atá beartaithe i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán STA agus, dá réir sin, ní bheadh sé incháilithe do thacaíocht STA.

Ina mheasúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát, úsáideann an Coimisiún na ceithre thástáil sin chun incháilitheacht na mbeart agus comhlíonadh an phlean téarnaimh agus athléimneachta le hAirteagal 5(1) de Rialachán STA a chinneadh. Chun soiléireacht a thabhairt maidir leis an gcaoi ar chuir an Coimisiún na tástálacha sin i bhfeidhm, mínítear gach ceann de na tástálacha sin ar a seal.

An bhfuil caiteachas buiséadach atá ceangailte go díreach leis an mbeart atá beartaithe i gceist leis an mbeart?

Sainaithnítear bearta féideartha neamh-incháilithe ar dtús trí bhreithniú a dhéanamh an bhfuil caiteachas buiséadach náisiúnta ag an mbeart sin atá ceangailte go díreach leis an mbeart atá beartaithe. Mar shampla, tá costais tógála ag beart chun tuirbín gaoithe a thógáil atá ceangailte go díreach le cur chun feidhme an bhirt. Os a choinne sin, ní chiallaíonn beart chun reachtaíocht a ghlacadh, mar shampla, gur cheart tuarastail na státseirbhíseach a dhréachtaíonn í a mheas go huathoibríoch mar chaiteachas buiséadach náisiúnta atá ceangailte go díreach leis an mbeart sin, go háirithe i gcás ina mbeadh na costais sin ann beag beann ar an mbeart dul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh.

Cuirtear san áireamh na costais arna ndearbhú ag Ballstát a bhfuil baint acu leis an mbeart sin, ós rud é nach féidir le Ballstát costas atá le tacú le STA a dhearbhú agus ag an am céanna a mheas nach bhfuil sé ceangailte go díreach leis an mbeart atá beartaithe.

Más amhlaidh an cás, an de chineál athfhillteach é an caiteachas sin?

Má bhaineann beart le caiteachas buiséadach náisiúnta atá ceangailte go díreach leis ní mór a mheas an de chineál athfhillteach é an caiteachas sin, rud a chiallaíonn go dtarlaíonn sé arís agus arís eile. Ciallaíonn an bonn sin arís agus arís eile nach mór dó teacht chun cinn níos mó ná uair amháin, le tréimhsiúlacht éigin (mar shampla, go seachtainiúil, go míosúil nó go bliantúil). D'fhéadfaí tuarastail, costais chothabhála, nó táillí seirbhíse nó síntiúis a áireamh ar shamplaí de chostais athfhillteacha den sórt sin.

Cé gur thabhaigh an Ballstát, tráth éigin roimhe sin, costas aonuaire a dhéantar arís agus arís eile ansin chun beart STA a chomhlíonadh, ní thugtar le tuiscint go bhfuil an caiteachas athfhillteach. Mar shampla, i gcás inar thabhaigh Ballstát costais roimhe sin chun staidéar nó suirbhé a chur chun feidhme, ní choisceann sé sin air costais mheasta a chur san áireamh le haghaidh staidéar nua nó suirbhé nua faoi bheart STA.

Más amhlaidh an cás, an gcuirtear tacaíocht airgeadais ó STA in ionad an chaiteachais athfhilltigh sin?

I gcás ina mbeadh caiteachas buiséadach náisiúnta atá ceangailte go díreach leis agus ar de chineál athfhillteach é i gceist le beart, ní mór a mheas an bhfuil STA ag teacht in ionad an chaiteachais sin.

I gcomhréir le hAirteagal 18, mír (4), pointe (k) de Rialachán STA, ba cheart do na Ballstáit costais mheasta iomlána na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chumhdaítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagan amach. Dá gcuirfeadh an Ballstát an caiteachas sin ar aghaidh ina phlean téarnaimh agus athléimneachta mar chostais mheasta, is léir go mbeadh STA ag tacú leis an gcaiteachas sin ó thaobh airgeadais de agus, dá réir sin, go gcuirfí in ionad an chaiteachais náisiúnta athfhilltigh é.

Níl an méid thuas ábhartha ach amháin maidir le bearta ar thíolaic na Ballstáit costais mheasta ina leith, ós rud é go nglactar leis sa mheasúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil na costais sin ina gcaiteachas náisiúnta athfhillteach nach féidir tacú le STA go gcuireann na Ballstáit na costais sin i láthair mar chuid dá bplean. I gcás nach n-áireoidh an Ballstát aon chostas measta don bheart sin, ní chuirtear áireamh an bhirt sin san áireamh chun ranníocaíocht airgeadais na mBallstát faoi STA a ríomh agus, dá réir sin, ní áiríonn an Ballstát aon chostas measta do STA chun tacaíocht airgeadais a thabhairt di. I ndáil leis sin, ní féidir le STA caiteachas buiséadach náisiúnta a tharlaíonn don bheart sin (nó do chuid den bheart nach gcumhdaítear faoi STA) a ionadú, fiú más caiteachas athfhillteach é an caiteachas sin. Is amhlaidh atá toisc nár tharla aon athsholáthar.

Más amhlaidh atá, nach bhfuil údar cuí leis dá bhrí sin?

Ar deireadh, má bhaineann beart le caiteachas buiséadach náisiúnta atá ceangailte go díreach leis agus atá de chineál athfhillteach agus má thugann STA tacaíocht airgeadais dó, ní mór a mheas an féidir údar cuí a thabhairt lena ionadú le tacaíocht ón tSaoráid agus, dá réir sin, an gceadaítear é leis an eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 5(1) de Rialachán STA.

Ní thugtar critéir bheachta sa Rialachán maidir leis an rud ba cheart a mheas mar chás a bhfuil údar cuí leis. Agus é sin á chur i bhfeidhm, chuir seirbhísí an Choimisiúin in iúl do na Ballstáit trí thástáil a úsáid. Go sonrach, cibé acu:

(i) is cuid dhílis d'athchóiriú/infheistíocht é an costas measta;

(ii) rannchuidíonn an t-athchóiriú/an infheistíocht sin leis na critéir mheasúnaithe a shainítear in Airteagal 19 de Rialachán STA a chomhlíonadh; agus

(iii) áiritheofar maoiniú an athchóirithe/na hinfheistíochta sin go hinbhuanaithe tar éis shaolré STA agus nach mbeidh an tionchar diúltach ar chomhardú an rialtais ach sealadach.

Bunaithe ar an gcleachtas a bunaíodh, is féidir roinnt breithnithe ginearálta a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist le cás a bhfuil údar cuí leis:

- Go ginearálta, níor cheart cúiteamh d'fhostaithe poiblí a oibríonn sa riarachán poiblí ar ullmhú nó ar chur chun feidhme athchóirithe/infheistíochtaí a chumhdaítear le STA a áireamh sa mheastachán costais. Mar sin féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo (e.g. an gá atá le saineolas sonrach nó chun acmhainneacht riaracháin a mhéadú go sealadach), is féidir costas pearsanra neamhbhuan le linn thréimhse cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur san áireamh i gcás inar gá.
- D'fhéadfaí costais oiliúna d'fhoireann na státseirbhíse a bhaineann le hathchóiriú nó le hinfheistíocht atá nasctha le cuspóirí na Saoráide a chumhdach má tá údar cuí leo agus má tá siad comhtháite go hiomlán in athchóiriú nó in infheistíocht an phlean.
- Féadfaidh STA caiteachas sóisialta amhail fóirdheontais fostaíochta nó scoláireachtaí do scoláirí a mhaoiniú má tá an caiteachas (nó an t-easnamh ioncaim) aonuaire nó de réir cineáil sealadach agus deireadh tagtha leis laistigh de shaolré STA. Ní mór éifeachtaí dearfacha fadtéarmacha a bheith aici chun tacú le cuspóirí na Saoráide, agus ba cheart a tionchar ar an airgeadas poiblí a bheith teoranta ó thaobh ama de.